

Bunús Sóisialta na Polaitíochta in Éirinn

Léirmheas Stairiúil

Proinnsias Breathnach

Bhíodh staidéar na tíreolaíochta sna hollscoileanna dírithe go hiomlán beagnach ar réigiúin éagsúla, agus é mar bhunphrionsabal ann go raibh gach réigiún éagsúil lena chéile, de bharr a staire agus de bharr bonn fisiceach faoi leith a bheith leis. Ba é ról an tíreolaí cuntas a thabhairt ar cad as ar tháinig sainiúlacht gach réigiúin.

Tharla athrú bunúsach sa dearcadh seo sna caogaidí agus, go háirithe, sna seascaidí, nuair a glacadh leis go forleathan go raibh cosúlachtaí ginearálta idir réigiúin éagsúla ó thaobh an leagan amach tíreolaíochta a bhí ar ghnéithe áirithe de na réigiúin sin, m.sh. dáileadh tionscal déantúsaíochta agus struchtúir uirbeacha. Cuireadh an bhéim ó shin i leith ar chomparáid idir réigiúin d'fhonn teacht ar theoiricí ginearálta tíreolaíochta.

Feictear domsa go bhfuil staidéar na staire sna hollscoileanna – in Éirinn ar aon nós – fós faoi thionchar modhanna oibre cosúil leo siúd a caitheadh amach sa tíreolaíocht thart ar thríocha bliain ó shin. Ní hamháin go gcuirtear an bhéim sa stair ar réigiúin áirithe, cuirtear í ar thréimhsí faoi leith i gcás na réigiún sin freisin. Feictear dom go bhfuil an dearcadh forleathan fós i measc staraíthe go bhfuil a stair faoi leith ag gach réigiún, agus nach féidir dá réir sin teoiricí ginearálta, a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm i réigiúin

éagsúla, a chumadh. Is beag claonadh atá ann stair na hÉireann a chur in aon chomhthéacs ginearálta, mar sin, nó comparáid a dhéanamh idir Éirinn agus tíortha eile.

Níl aon amhras, dar liomsa, ach go bhfuil staidéar na staire in Éirinn thíos leis an dearcadh seo. Fásann tuiscint chúng éadomhain as an easpa comhthéacs ginearálta. Tá sé seo le feiceáil go háirithe sna hiarrachtaí atá déanta chun stair pholaitiúil na hÉireann san fhichiú haois a léiriú. Má tá aon chomhthéacs leis na hiarrachtaí seo, is comhthéacs mí-oiriúnach é. Ós rud é gur tír í Éire ina bhfuil an Béarla mar ghnáth-theanga labhartha, tá sé le tuiscint go mbraitheann lucht acadúil na tíre go mór ar litríocht agus, go minic, ar chórais oideachais na Breataine Móire agus na Stát Aontaithe. Mar sin, cothaítear coincheapa agus tuairimí ar chúrsaí eacnamaíochta agus ar chúrsaí sóisialta atá oiriúnach do chás tíortha forbartha tionsclaíochta ach nach bhfuil oiriúnach ar chor ar bith do chás na hÉireann, tír thearcfhorbartha iarchoilíneach. I mo thuairimse, is beag tuiscint atá ag eolaithe sóisialta na tíre seo i gcoitinne ar an tionchar a bhí ag an gcoilíneachas ar chúrsaí inmheánacha na tíre tar éis 1922, agus go háirithe ar na baic a chuir an oidhreacht choilíneach ar fhorbairt eacnamaíochta, pholaitiúil agus shóisialta na tíre.

Mar shampla den fheiniméan seo, is minic a chuirtear an cheist cén fáth nach bhfuil córas polaitiúil na hÉireann bunaithe ar dheighilt idir an eite chlé agus an eite dheas, faoi mar atá sé sna tíortha eile in iarthar na hEorpa. Is é an freagra simplí ar an gceist sin ná, cé go bhfuil Éire lonnaithe go fisiceach san Eoraip, ní tír Eorpach í ar bhonn na forbartha polaitiúla ná sóisialta. Toisc gur tír iarchoilíneach í Éire, ba chóir í a chur i gcomparáid, sa chomthéacs seo, le tíortha iarchoilíneacha eile an domhain, a bhformhór mór i Meiriceá Laidneach, san Afraic agus san Áise.

Is é cuspóir an ailt seo ná stair pholaitiúil na hÉireann san fhichiú haois a chur i gcomhthéacs an choilíneachais agus an iarchoilíneachais. Is é dearcadh bunúsach an léirmheasa seo ná go ngeineann an coilíneachas struchtúir eacnamaíochta agus sóisialta faoi leith sna coilíneachtaí i gcoitinne, agus go gcaithfear cúrsaí polaitiúla iontu a thuiscint sa chomthéacs seo. Cuireann na struchtúir seo srianta ar fhorbairt na n-iarchoilíneachtaí a mbíonn sé an-deacair éalú uathu, agus caithfear cúrsaí polaitiúla i ré an iarchoilíneachais a mheas sa chomhthéacs seo.

Struchtúir Shóisialta Choilíneacha

Má fhéachtar ar stair na réigiún sin a thit faoi smacht na dtíortha a ghlac páirt iomlán i réabhlóid thionsclaíoch an 18ú agus 19ú haois, feicfear gur deineadh athstruchtúir bunúsach ar chórais eacnamaíochta agus shóisialta na réigiún ar mhaithe le riachtanais na gcumhachtaí coilíneacha. Is é a tharla de ghnáth ná gur cuireadh cosc ar fhorbairt thionsclaíochta na gcoilíneachtaí agus gur cuireadh an bhéim iomlán ar tháirgeadh earraí príomha – earraí talmhaíochta i dtosach báire agus mianraí ina dteannta sin níos deireanaí. De ghnáth, freisin, ba ghá athruithe bunúsacha a chur i bhfeidhm sa chóras sóisialta chun a chinntiú go dtáirgfí farasbarr leanúnach sa choilíneacht le

soláthar don ‘mháthairthír’. Mar shampla, ba mhinic a roinneadh talamh a bhíodh i seilbh chomónta phobal an tsráidbhaile ina fheirmeacha príobháideacha, agus gearradh cánacha ar na feirmeacha seo ionas go mbeadh orthu farasbarr a tháirgeadh le díol ar an margadh chun an t-airgead a fháil leis na cánacha a íoc.

D’fhás córas sóisialta faoi leith as na hathruithe seo de ghnáth. Cé gur súdh an chuid is mó de shaibhreas na gcoilíneachtaí amach astu de thoradh an chaidrimh éagothroim mhargaíochta a bhí acu leis na tíortha forbartha, d’éirigh le cúpla grúpa faoi leith roinnt saibhris a chur le chéile laistigh de na coilíneachtaí féin. Ba iad sin na tiarnaí talún (má bhí siad ann), na feirmeoirí tráchtála agus na ceannaithe a raibh an tráchtáil sheachtrach (easpórtáil earraí príomha agus impórtáil earraí tionsclaíochta) faoina gcúram acu. De thoisc na heaspa forbartha tionsclaíche sna coilíneachtaí, d’infheistigh na grúpaí seo a gcuid caipitil thar lear (go háirithe sna tíortha forbartha) nó i gceannach talún (príomhfhoinsé rachmais na gcoilíneachtaí) nó i dtógáil foirgneamh mór (*conspicuous consumption*). Bhí tionchar nach beag ag na grúpaí seo ar chúrsaí polaitiúla laistigh de na coilíneachtaí féin toisc, freisin, na cumhachta eacnamaíche a bhí acu (de bharr a gcuid saibhris).

Seachas na grúpaí thuasluaite, bhí meánaicme bheag de lucht gairme agus riaracháin sna coilíneachtaí, go háirithe sna príomhchathracha (a bhí, de ghnáth, i bhfad níos mó ná aon bhaile mór eile). Faoin tuath, bhí feirmeoirí beaga agus oibrithe gan talamh le fáil. Ba iad seo na grúpaí líonmhara sna coilíneachtaí, de ghnáth, ach de thoisc a n-easpa acmhainne is beag tionchar éifeachtach polaitiúil a bhí acu.

Éire i Ré an Choilíneachais

Réitíonn cás na hÉireann go maith leis an leagan amach ginearálta seo. Cuireadh deireadh leis an gcóras feodach sa 17ú haois, tugadh an talamh d’aicme nua

tiarnaí talún, agus saothraíodh an talamh ar cíos ag tionóntaí. De thoradh difríochtaí i bpolasaithe bainistíochta na dtiarnaí talún, fágadh an chuid is mó d'oirthear na tíre, mar a bhfuil an talamh is fearr, faoi thionóntachtaí móra, i lámha feirmeoirí tráchtála a raibh, ar an mórgóir, seilbh shlán acu ar a ngabháltais. In iarthar na tíre athroinneadh na gabháltais arís is arís eile, rud a d'fhág formhór mór na bhfeirmeacha sa limistéar seo, mar a bhfuil an talamh go hollc, an-bheag. Dá thoradh seo, bhí daonra mór bocht sa chuid sin den tír. Mar sin féin, bhí ról tábhachtach ag réigiún an iarthair sa chóras tráchtála nua a tháinig chun cinn san 18ú agus go háirithe sa 19ú haois, ag soláthar beo-stoc óg le ramhrú in oirthear na tíre sular easpórtáladh go dtí an Bhreatain Mhór é – ról bunúsach na tíre i ré an choilíneachais.

Ag an am céanna, cuireadh srianta ar fhorbairt na tionsclaíochta in Éirinn – go háirithe tionscal na holla – de dheasca achtanna parlaiminte a reachtaíodh i Londain. Eisceacht sa phróiseas seo ba ea tionscal an línéadaigh san oirthuaisceart, ar chúiseanna atá róchasta le plé anseo. Thug sé sin an deis don limistéar seo páirt iomlán a ghlacadh sa réabhlóid thionsclaíoch, agus as sin amach d'fhorbair an limistéar seo ar bhealach éagsúil leis an deisceart – an t-oirthuaisceart mar chuid de chóras tionsclaíochta na Breataine Móire agus an chuid eile den oileán i staid thearcfhorbartha, ag brath go hiomlán beagnach ar easpórtáil earraí talmhaíochta agus, de réir a chéile, ar easpórtáil daoine.

Ba rud eisceachtúil é i gcás na hÉireann – i gcomparáid le coilíneachtaí eile – an easpórtáil daoine seo. Cóngarach na hÉireann don Bhreatain – agus, níos deireanaí, do Mheiriceá Thuaidh freisin – mar a raibh éileamh mór ar lucht saothair sa tionsclaíocht faoi deara seo. Bhí tionchar an-tábhachtach ag an eisimirce seo ar fhorbairt shóisialta na hÉireann, de thoisic chomh roghnach a bhí sí mar phróiseas. Is é sin, is iad na daoine is óige, is fuinniúla, is mó fiontar agus is míshásta is mó a

théann ar imirce. Mar sin, ba bhealach éalaithe í an eisimirce a d'fhuascail brúnna sóisialta a ghin fórsaí réabhlóideacha i gcoilíneachtaí eile nach raibh an bealach éalaithe seo ar fáil acu. Míníonn sé seo dúinn cén fáth a bhfuil córas sóisialta na hÉireann chomh coimeádach agus atá.

Is féidir cuid eile den mhíniú a aimsiú i dtoradh na caismirte sóisialta is tábhachtaí a thit amach in Éirinn sa 19ú aois .i. caismirt na talún. Thosaigh an chaismirt seo i ndáiríre i measc fheirmeoirí beaga an iarthair, agus faoi cheannaireacht Mhichíl Daibhéid, bhí cuspóirí radacacha acu. Ina measc sin bhí athroinnt thalamh na hÉireann ionas go mbeadh a dhóthain talún ag gach feirmeoir. Ach, nuair a chonacthas go raibh ag éirí le Conradh na Talún ghlac feirmeoirí móra an oirthir ceannas air, agus d'imigh na polasaithe radacacha as radharc. Ina dhiaidh sin, níor theastaigh ón gConradh ach go bhfaigheadh gach tionónta seilbh iomlán ar an ngabháltas a bhí aige/aici cheana féin. Nuair a d'éirigh le feachtas an Chonartha, fágadh feirmeoirí an oirthir fós le gabháltais eacnamaíochta, faoi mar a bhíodh acu roimh ré, ach fágadh feirmeoirí an iarthair gan a ndóthain acmhainne chun caighdeán sásúil maireachtála a bhaint amach – rud atá fíor go dtí an lá atá inniu ann. Ach, d'ainneoin an chúis ghearáin leanúnach seo a bheith acu, chiallaigh na hachtanna talún, a thug seilbh iomlán ar a ngabháltais dóibh is cuma cé chomh beag is a bhí siad, go bhfeidhmeoidís feasta mar aicme a bhí líonmhar agus coimeádach. Léiríodh é seo nuair a fuair siad an vóta thart ar an am céanna.

De thoisic gur Chaitlicigh Éireannacha iad formhór mór na dtionóntaí, agus gur Phrotastúnaigh de bhunadh Shasana iad formhór na dtiarnaí talún, bhí screamh an náisiúnachais ag baint le caismirt na talún, cé gur caismirt idiraicmeach a bhí inti i ndáiríre. Mar sin, nuair a socraíodh ceist na talún i dtosach an 20ú haois, thit an tóin as an ngluaiseacht náisiúnta a bhí bunaithe ar an gceist sin. Líonadh an folús

go tapa le gluaiseacht Shinn Féin. Chun na himeachtaí a tharla ina dhiaidh seo a thuiscint go sásúil, caithfear léirmheas a dhéanamh ar ghluaiseacht an neamhspleáchais sna coilíneachtaí i gcoitinne san 20ú haois.

Gluaiseacht an Neamhspleáchais sna Coilíneachtaí

Seachas na coilíneachtaí i Meiriceá Laidneach, ar bronnadh neamhspleáchas ar a bhformhór go luath sa 19ú haois, bhain beagnach gach ceann de na seanchoilíneachtaí neamhspleáchas amach san 20ú haois. Arís, tá na cúiseanna a bhain le fás ghluaiseacht an neamhspleáchais róchasta le plé anseo. Ach is féidir a rá go raibh ar a laghad ceann amháin de thrí ghrúpa páirteach sa ghluaiseacht i bhformhór na coilíneachtaí.

Grúpa amháin ba ea dream ar a dtugtar na 'buirgéisigh *comprador*' sa litríocht. Is ionann an focal Portaingéilise '*comprador*' agus 'ceannaí', rud a chiallaíonn gur bhain an grúpa seo leo siúd a bhí chun tosaigh i dtáirgeadh agus in easpórtáil earraí príomha agus in iompórtáil earraí déantúis. Ós rud é gur ghrúpa iad seo a bhí an-choimeádach agus a bhain a gcuid saibhris ón gcóras faoi mar a bhí, tá sé le tuiscint nár theastaigh aon athruithe bunúsacha uathu. De ghnáth, ghlac siad páirt sa ghluaiseacht náisiúnta chun tionchar grúpaí níos radacaí a mhaolú, nó toisc gur cheap siad go bhféadfaidís níos mó brabaigh a bhaint amach ón tráchtáil leis an 'máthairthír' dá mba rud é go raibh a rialtas féin acu.

Grúpa eile ba ea dream ar a dtugtar na 'buirgéisigh náisiúnacha' sa litríocht. Ba é príomhchuspóir an ghrúpa seo ná neamhspleáchas polaitiúil a úsáid chun bac a chur ar iompórtáil earraí déantúis, ionas go bhféadfaí tionscail déantúis a chothú sa bhaile. Lucht meánaicmeach uirbeach is mó a bhí iontu seo, agus go minic bhain siad úsáid as aos intleachtach agus ealaíne na cathrach chun ideolaíocht náisiúnach oiriúnach a chothú. Cé gur theastaigh

athruithe bunúsacha i ngnóthaí seachtracha na tíre ón ngrúpa seo, ba dhream coimeádach sóisialta iad i ndáiríre toisc gur chaipitlithe nó phrótacaipitlithe is mó a bhí iontu.

Ba é an tríú grúpa a bhí páirteach go forleathan i ngluaiseachtaí náisiúnacha na coilíneachtaí ná sóisialaithe radacacha ar theastaigh athruithe bunúsacha uathu freisin, ach ar bhonn réabhlóideach sóisialach. De ghnáth, da mba rud é go raibh grúpa den saghas seo chun tosaigh sa ghluaiseacht, chuir 'an mháthairthír' go láidir ina gcoinne, mar a tharla i gcás na hInd-Síne tar éis an Dara Cogadh Domhanda mar shampla. Ar an lámh eile, da mba rud é go raibh an grúpa *comprador* chun tosaigh, bhí 'an mháthairthír' sásta neamhspleáchas a ghéilleadh go minic, mar chiallaigh sé go leanfadh an tír neamhspleách nua ar aghaidh ag comhlíonadh na bhfeidhmeanna céanna agus a bhí aici nuair ba choilíneacht í – rud a tharla sa Chéinia.

Go minic, ba ghluaiseacht leathan í an ghluaiseacht náisiúnach agus na grúpaí seo go léir páirteach inti. Chiallaigh sé sin gur éirigh easaontas eatarthu díreach tar éis dóibh neamhspleáchas a bhaint amach. Cogaí cathartha a bhí mar thoradh air seo go hiondúil. Sna cásanna seo, ba ghnách leis an tsean-'mháthairthír' cabhair a thabhairt do na fórsaí coimeádacha chun na fórsaí radacacha a chur faoi chois. Dá mba rud é go bhféadfaí na sóisialaithe réabhlóideacha a chur as an áireamh, nó mura raibh siad ann i dtosach báire, d'éirigh leis na grúpaí *comprador* agus náisiúnacha teacht ar réiteach éigin de ghnáth. Ba mhinic a ghéillfeadh an grúpa *comprador* do roinnt éigin d'éilimh an ghrúpa náisiúnaigh, m.sh. cosaint theoranta do thionscail bhaile. Ach i ndeireadh thiar thall, toisc smacht a bheith acu ar chóras eacnamaíochta na tíre, is ag an ngrúpa *comprador* a bhí an lámh in uachtar, agus chinntigh sé sin nach ndéanfaí aon athruithe a chuirfeadh suíomh an ghrúpa seo i mbaol dáiríre.

Gluaiseacht Náisiúnach na hÉireann

Réitíonn cás na hÉireann go maith leis an leagan amach ginearálta seo. Ar na cúiseanna a pléadh cheana, d'ainneoin iarrachtaí Shéamais Uí Chonghaile, is beag bunús a bhí in Éirinn don sóisialachas réabhlóideach faoi thosach an 20ú haois. Ach tá samhail na mbuirgéseach náisiúnach le feiceáil go soiléir i bpolasaithe Shinn Féin faoi cheannas Airt Uí Ghríofa. Agus, nuair a chonacthas go raibh gluaiseacht Shinn Féin ag dul chun cinn go mór tar éis 1916, ghlac na fórsaí *comprador* páirt inti, faoi mar a dhein siad i gcás Chonradh na Talún tríocha bliain roimhe sin.

Dá bhfiafrófaí d'aon duine in Éirinn inniu cén cúlra atá ag na páirtithe móra polaitiúla (Fianna Fáil agus Fine Gael), d'fhreagrófaí go mbaineann sé leis an scoilt laistigh de Shinn Féin tar éis shíniú an Chonartha i 1921. Ach, dá gcuirfí ceist bhreise faoin mbunús a bhí leis an scoilt sin, is beag duine a bheadh in ann freagra réasúnta ná sásúil a thabhairt. Is féidir an cheist seo a thuiscint go furasta ach úsáid a bhaint as an tsamhail ghinearálta a léiríodh thuas.

Gan amhras, b'ionann na buirgéisigh *comprador* agus Cumann na nGaedheal (as ar fhás Fine Gael ar ball). Tá sé sin le feiceáil ón tacaíocht a fuair na páirtithe seo riamh ó na feirmeoirí móra, ó na siopadóirí agus ó cheannaithe eile. Níos mó ná aon rud eile, theastaigh síocháin ón ngrúpa seo i 1921/22, ionas go bhféadfaí cursaí gnó a chur ar ais ar bhonn rialta. Níor thaitin polasaithe Airt Uí Ghríofa leo, mar bhí an baol ann dá gcuirfí bac ar iompórtáil earraí déantúis ón mBreatain go hÉirinn, mar a mhol Ó Gríofa, go gcuirfeadh an Bhreatain bac dá réir ar iompórtáil earraí talmhaíochta as Éirinn. Agus ba chuma leis an ngrúpa *comprador* Tuaisceart Éireann a bheith laistigh nó lasmuigh den stát neamhspleách nua, mar ba bheag an bhaint a bhí ag an tuaisceart le bonn eacnamaíochta an ghrúpa seo. Mar sin, bhí siad lánsásta glacadh leis an gConradh agus ceannas polaitiúil a thógáil orthu

féin, agus ar mhaithe leo féin, sa stát nua.

Is beag de bhonn réalaióch eacnamaíochta a bhí ag an ngrúpa náisiúnach a bhí taobh thiar de smaointe bunaidh Shinn Féin, ach d'éirigh leo an-tacaíocht phoiblí a fháil de bharr na hidé-eolaíochta náisiúnaí a chothaigh siad le blianta beaga roimhe sin. Is ar bonn na tacaíochta sin a throid siad an cogadh cathartha, ach ní raibh seans dá laghad ann go bhfaighidís an lámh in uachtar sa chaismirt sin. Fiú mura mbeadh an chabhair a fuair an rialtas nua ón mBreatain le fáil acu, ní raibh an bonn eacnamaíochta ná sóisialta ag an ngrúpa náisiúnach chun caismirt fhadtéarmach a sheasamh. Ní raibh aon rogha acu ach an t-iomaire polaitiúil a threabhadh trí Fhianna Fáil a bhunú i 1927. Iadsan a bheartaigh ar an troid armtha a leanúint, ní raibh aon todhchaí i ndán dóibh sa deisceart, toisc nach raibh an bonn sóisialta sin acu, rud atá fíor go dtí an lá inniu.

Fiú amháin iad siúd a bhunaigh Fianna Fáil, is beag de thodhchaí polaitiúil a bheadh acu murach, sa chéad áit, go raibh siad in ann úsáid a bhaint as míshásamh na bhfeirmeoirí beaga agus na ndaoine bochta sna bailte chun tacaíocht dhaonlathach a fháil agus, sa dara háit, go raibh siad in ann leas a bhaint as cúlú eacnamaíochta an domhain sna tríochaidí chun cumhacht pholaitiúil a bhaint amach. Idir an dá linn, thaispeáin rialtas Chumann na nGaedheal na bhfichidí go soiléir cad iad na grúpaí a raibh siadsan freagrach dóibh. Is beag de pholasaithe bunaidh Shinn Féin ná de chlár na Chéad Dála a cuireadh i bhfeidhm. Ina ionad sin, cuireadh an bhéim iomlán, beagnach, ar chothú na talmhaíochta agus ar bhunú institiúidí sábháilte coimeádacha stáit a bheadh oiriúnach do chúrsaí gnó.

Cúrsaí Polaitiúla in Éirinn tar éis 1921

Nuair a toghadh rialtas Fhianna Fáil den chéad uair i 1932, thosaigh siad láithreach ar pholasaithe bunaidh Shinn Féin a chur i bhfeidhm. Cuireadh bac ar iompórtáil raon an-leathan d'earraí déantúis, agus ar

infheistíocht sheachtrach i gcomhlachtaí Éireannacha. Thug na polasaithe seo deis do chomhlachtaí Éireannacha soláthar a dhéanamh don mhargadh baile trí mhonarchana nua a thógáil, rud a tharla go forleathan, go háirithe sna tríochaidí. Neartaíodh tacaíocht pholaitiúil Fhianna Fáil go mór de bharr na bpost nua a cruthaíodh sna monarchana sin. Ach rud a bhí níos tábhachtaí fós ná gur neartaíodh Fianna Fáil tríd an gclár ábhalhmór tithíochta poiblí a cuireadh i bhfeidhm sna bailte ar fud na tíre sna tríochaidí agus sna daichidí. Dá bharr sin, d'éirigh le Fianna Fáil tacaíocht aicme oibre na mbailte a chur le seantacaíocht na bhfeirmeoirí beaga. Ós rud é gurb iad seo an dá ghrúpa shóisialta is líonmhaire sa tír, chinntigh sé go mbeadh Fianna Fáil ina ghnáthpháirtí rialtais in Éirinn as sin amach. Bhí – agus tá fós – bonn sóisialta Fhine Gael róchúng chun an ról sin a chomhlíonadh.

Nuair a tháinig Fianna Fáil chun tosaigh i dtosach báire, níl aon amhras ach go raibh fealsúnacht réasúnta radacach le fáil go forleathan laistigh den pháirtí – ní hamháin i measc na gceannairí ach i measc na ngnáthbhall freisin. Ach de réir a chéile athraíodh carachtar an pháirtí go bunúsach. De bharr na béime a chuir siad ar fhorbairt tionsclaíochta agus ar obair thógála, fuair siad an-tacaíocht ó na comhlachtaí nua déantúis agus ó thionscal na tógála. Ach chomh maith leis sin, nuair a chonacthas go mbeidís ina ngnáthpháirtí rialtais, tharraing siad chucu, de réir a chéile, tacaíocht na haicme gnó i gcoitinne.

Ag an am céanna, ar an leibhéal áitiúil, bhí athruithe tábhachtacha ar siúl. D'fhás an córas cliantachta a chothaigh spleáchas na ngnáthdhaoine ar idirmheánaithe an pháirtí. In ionad fealsúnaithe a mhealladh isteach sa pháirtí mealladh daoine nach raibh uathu ach cumhacht ar son na cumhachta nó daoine arbh fhéidir leo leas pearsanta a bhaint as an bpáirtí. In ionad múinteoirí, ba iad na tábhairneoirí agus na ceannaithe talún a bhí chun tosaigh sa pháirtí anois.

Toisc go raibh Fianna Fáil iompaithe ina pháirtí de chuid an lucht ghnó ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal áitiúil, cailleadh pé oidhreacht radacach a bhí acu, agus thiontaigh siad i dtreo an choimeádachais. Agus, toisc go raibh an lucht gnó in Éirinn suarach beag i méad agus scóip riamh, agus dá bhrí sin, caolaigeanta agus gearthéarmach ina ndearcadh, ní haon ionadh go raibh an Fianna Fáil 'nua' pragmatach agus gearthéarmach ina leagan amach freisin. Is mór an chontárthacht é seo le Fianna Fáil na dtríochaidí, a raibh clár fadtéarmach leagtha síos acu agus a chuir chuige go bríomhar. Ach theip ar an gclár sin de dheasca laigí bunúsacha a bheith ag baint leis. Go háirithe, bhí an margadh baile, a raibh na tionscail nua dírithe air, róbheag. Níor éirigh leis na tionscail sin scála feidhmiúcháin a shroicheadh, mar sin, a cheadódh dóibh dul san iomaíocht ar mhargaí seachtracha. Mar thoradh air seo, faoin am a raibh na tionscail nua in ann an margadh baile a shásamh (faoi dheireadh na ndaichidí), ní raibh a thuilleadh scóipe ann d'fhorbairt bhreise tionsclaíochta.

Léiríonn na polasaithe eacnamaíochta nua a chuir Fianna Fáil i bhfeidhm le tabhairt faoi ghéarchéim na gcaogaidí conas mar a bhí an páirtí sin athraithe. Is léiriú é freisin ar an saghas córas polaitíochta atá againn in Éirinn (nach bhféadfaí a fháil in aon tír iar-Eorpach eile) an príomhpháirtí polaitiúil ann a bheith ábalta iompú go hiomlán óna sheanpholasaithe bunúsacha gan a thacaíocht phoiblí a chailleadh ar chor ar bith. I measc na gceachtanna is féidir a fhoghlaim ón eachtra seo ó thaobh mhodh oibre Fhianna Fáil de, is féidir iad seo leanas a lua. Bhí torthaí pholasaithe an pháirtí sna tríochaidí agus sna daichidí fós chun tosaigh i gcuimhne na ndaoine a bhain tairbhe astu. Ina theannta sin, de bharr na tacaíochta a bhí ag an bpáirtí ó lucht gnó na tíre, bhí na hacmhainní acu chun feachtais bholscaireachta agus meaisíní polaitiúla a chur i bhfeidhm nach raibh na páirtithe eile in ann dul in

iomaíocht leo ar chor ar bith. Agus, sa tríd háit, toisc go raibh fréamhacha na cliantachta curtha chomh domhain sin i measc lucht leanúna an pháirtí – daoine a bhí ag brath go mór ar an gcóras leasa shóisialaigh ar an mórgóir – gur chuma leo ceisteanna móra naisiúnta fad is a bhí an páirtí in ann rudaí a sholáthar ar an leibhéal áitiúil.

De thoradh na bpolasaithe nua eacnamaíochta a tugadh isteach ag deireadh na gcaogaidí, d'éirigh Fianna Fáil as naisiúnachas eacnamaíochta Éamonn de Valera (a d'éirigh as ceannaireacht an pháirtí ag an am céanna) agus glacadh leis go mbeadh stádas spleách as seo amach ag Éirinn sa chóras idirnáisiúnta caipitleach, trí mheán comhlachtaí ilnáisiúnta go háirithe. Ní hamháin gurbh ionann é seo agus cás na n-iarchoilíneachtaí i gcoitinne, chuir sé Fianna Fáil sa champa *comprador*, áit a raibh Fine Gael le fad an lá. Cé gur seanleagan den bhuirgéseacht *comprador*, bunaithe ar an talmhaíocht, a bhí ag Fine Gael, agus gur nualeagan, bunaithe ar an tionsclaíocht agus na gnóthaí a bhaineann léi, a bhí ag Fianna Fáil, as seo amach is beag an difríocht a bhí idir an dá pháirtí ó thaobh polasaithe eacnamaíochta de. Ní raibh ceachtar acu in ann polasaithe radacacha fadtéarmacha a chur i bhfeidhm a d'fhéadfadh bonn tionsclaíochta a chruthú in Éirinn a bheadh ábalta dul in iomaíocht go neamhspleách ar na margat idirnáisiúnta. Ar an lámh eile, bhí siad araon lánsásta gach tairbhe gearrthéarmach a bhaint as foinsí eachtrannacha, comhlachtaí ilnáisiúnta agus Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa go háirithe.

Maidir le Fine Gael, bhí an páirtí sin tite in ísle brí faoi dheireadh na ndaichidí, ach de réir a chéile tháinig sé ar ais chuige féin ina dhiaidh sin. Ceann de na fáthanna a bhí leis sin ba ea an t-athrú bunúsach a tháinig ar struchtúr fostaíochta na tíre tar éis an dara cogadh domhanda. Is é bhí i gceist anseo ná borradh mór a tháinig sna seascaidí, agus sna seachtóidí go háirithe, ar líon na ndaoine a bhí fostaíthe in earnáil

na seirbhísí. In éineacht le forbairt mhór sa chóras oideachais, tháinig fás ábhalmhór ar an éileamh ar státseirbhísigh, oibríthe riaracháin san earnáil phríobháideach, agus daoine ilghnéitheacha gairmiúla (ailtírí, cuntasóirí, saineolaithe ríomhaireachta, comhairleoirí de gach saghas srl.). Daoine meánaicmeacha is mó a bhí anseo, daoine nár ghá dóibh brath ar an gcliantacht, a bhí coimeádach go minic i dtaobh cúrsaí eacnamaíochta (toisc go raibh ag éirí go breá leo faoi mar a bhí cúrsaí), ach a bhí míshásta le cúrsaí sóisialta (stádas na mban, pleanáil clainne agus colscaradh, mar shampla). Toisc go raibh bunchloch thacaíocht Fhianna Fáil (na feirmeoirí beaga agus an aicme oibre) anchoimeádach i dtaobh ceisteanna sóisialta ar an mórgóir, ní raibh Fianna Fáil in ann tabhairt faoi na ceisteanna sin, rud a thug deis d'Fhine Gael – go háirithe faoi cheannaireacht Ghearóid Mhic Gearailt – an grúpa mór nua meánaicmeach seo a mhealladh chucu féin.

Ag an am céanna bhain tréith nua eile leis an dream seo. Chuir siad níos mó béime ar cheisteanna ginearálta náisiúnta ná mar a deineadh go traidisiúnta i bpolaitíocht na hÉireann. Mar sin, ba vótálaithe luaineacha iad nach bhféadfadh aon pháirtí brath orthu ó thoghchán go toghchán gan tagairt do na polasaithe a bhí á gcur chun cinn acu. Bhí fadhb mhór anois ag Fianna Fáil – conas polasaithe a chumadh a bheadh tarraingteach don dream nua líonmhar meánaicmeach seo agus do sheanlucht leanúna an pháirtí araon. D'éirigh leo é a dhéanamh in olltoghchán 1977 ach torthaí tubaisteacha don tír i gcoitinne a bhí ar an mbua sin. Faoi choinníollacha athraithe na n-ochtóidí, ní raibh siad in ann é sin a dhéanamh a thuilleadh.

Tá leagan amach polaitiúil na hÉireann athraithe go mór sna hochtóidí. Cé gur bheag an difríocht a bhí i ndáiríre idir pholasaithe Fhianna Fáil agus Fhine Gael, bhí sé an-tábhachtach dóibh araon cuma na difríochta a chothú, ionas go gceapfadh an

gnáthvótálaí go raibh rogha aige sna toghcháin. Ach tá an dealramh ar an scéal anois go bhfuil an tsamhlaíocht seo á scaipeadh. Bhí – agus tá fós – ról antábachtach á chomhlíonadh ag an bPáirtí Daonlathach sa phróiseas seo, cé gur dóigh liomsa go dtárlódh sé ar aon nós. Is é a tharla sna hochtóidí gur thosaigh ag teip ar na polasaithe gearrthéarmacha a leanadh gach rialtas – is cuma comhrialtas nó rialtas de chuid Fhianna Fáil a bheith ann – le tríocha bliain anuas. Ó bhí an fás eacnamaíochta tite go leibhéal an-íseal, brabaigh na gcomhlachtaí ilnáisiúnta ag imeacht as an tír go tiubh agus an difhostaíocht ardaithe go mór, ní raibh bonn eacnamaíochta na tíre in ann déileáil leis an ualach ábhalmhór fiach a bhí tógtha ar bord ag rialtais na seachtóidí, gan cánacha troma a ghearradh ar an meánaicme. Agus Thatcher na Breataine agus Reagan na Stát Aontaithe acu mar eiseamláir, thosaigh cuid den mheánaicme seo ag gearán os ard, agus is as an bhfoinse seo a tháinig bonn fealsúnachta an Pháirtí Dhaonlathaigh (cé go bhfuair siad cuid mhaith dá gcuid ball mór le rá mar gheall ar naimheas pearsanta laistigh d'Fhianna Fáil).

Toisc go raibh polasaithe an Pháirtí Dhaonlathaigh tarraingteach do roinnt mhaith de lucht leanúna Fhine Gael go háirithe, bhí ar an bpáirtí sin gluaiseacht sa treo sin freisin (rud nach raibh ródheacair dóibh ar aon nós). Ach, tar éis olltoghchán 1987, fágadh Fianna Fáil i sáinn. Ní raibh aon rogha acu ach gearradh siar ar chaiteachas an rialtais, toisc chomh hólca agus a bhí cúrsaí airgeadais an stáit. Ach, toisc gur rialtas mionlaigh a bhí iontu, ag brath ar thacaíocht Fhine Gael agus an Pháirtí Dhaonlathaigh, agus toisc nach raibh siad in ann ualach na ngearrthacha a chur ar an lucht gnó (óna dtagann an chuid is mó de thacaíocht airgid an pháirtí), bhí orthu an t-ualach sin a leagan orthu siúd ónar tháinig formhór na tacaíochta vótála a bhí ag an bpáirtí thar na blianta, i.e. an aicme oibre agus na bochtáin.

Bhí toradh an phróisis seo le feiceáil go soiléir i dtorthaí olltoghchán na bliana 1989. Chaill Fianna Fáil cuid mhaith dá thacaíocht thraidisiúnta don eite chlé go háirithe. Ach níor éirigh leo a ndóthain cúitimh a fháil ón meánaicme, rud a d'fhág ina rialtas mionlaigh iad i gcónaí. Ba bheag nár scriosadh an Páirtí Daonlathach go hiomlán, toisc go raibh an dá pháirtí mhóra sásta anois a bpolasaithe siúd a chur i bhfeidhm. Ba rud stairiúil é gur thairg Fine Gael dul i gcomhrialtas le Fianna Fáil, cibé chomh dáiríre a bhí an tairiscint sin. Ba rud níos stairiúla fós é go raibh ar Fhianna Fáil dul i gcomhrialtas i ndeireadh thiar, mar go n-athraíonn sé íomhá thraidisiúnta an pháirtí. Agus toisc go raibh orthu dul i gcomhrialtas le fúilleach an Pháirtí Dhaonlathaigh, beidh orthu leanúint le polasaithe na heite deise.

Den chéad uair riamh, úsáideadh téarmaíocht na deighilte clé/deas go forleathan in olltoghchán 1989. Bhí na rudaí céanna á rá ag na trí pháirtí choimeádacha, agus aithníodh é sin go forleathan i measc an phobail agus go háirithe ina measc siúd ar thit ualach na ngearrthacha orthu. Is iad iarrthóirí na heite clé is mó a bhain tairbhe as seo, agus tá gach seans ann go neartófar an eite sin a thuilleadh má leanann an rialtas nua ar aghaidh le polasaithe na heite deise. Tá an chuma ar an scéal, mar sin, go ndruidfidh leagan amach polaitíochta na tíre níos mó i dtreo phatrún na hEorpa sna blianta atá romhainn, cé gur mionlach beag fós iad an eite chlé sa Dáil.

Má ghlactar le modh anailíse an ailt seo, is féidir a fheiceáil go soiléir cén fáth a raibh an eite chlé chomh lag agus a bhí go dtí seo i bpolaitíocht na hÉireann. Ba bheag an bonn sóisialta a bhí ann di aimsir Chogadh na Saoirse, nuair nach raibh ach 5% d'oibrithe na tíre ag obair i monarchana, i gcomparáid le níos mó ná 50% a bhí páirteach sa talmhaíocht. Agus, mar a míníodh cheana, d'éirigh le Fianna Fáil tacaíocht na n-oibrithe uirbeacha a bhailiú chucu féin sna tríochaidí agus sna daichidí, agus cé gur tháinig athrú bunúsach ar

charachtar an pháirtí sin tar éis an chogaidh, d'éirigh leo an tacaíocht sin a choimeád síos trí na blianta.

D'fhéadfaí a rá gur fhrithghníomhú i gcoinne pholasaithe na dtrí pháirtí mhóra faoi deara an chlaonadh i dtreo na heite clé in olltoghchán 1989. Níl aon amhras ach gur chúis iontais do cheannairí Pháirtí an Lucht Oibre chomh maith agus a d'éirigh leo sa toghchán sin. Ag an am céanna, is léir go raibh bonn na heite clé ag fás as na hathruithe sóisialta agus eacnamaíochta a bhí ag titim amach in Éirinn le fiche nó tríocha bliana anuas, go háirithe an borradh a tháinig ar an líon daoine a bhí ag obair san earnáil tionsclaíochta agus sna seirbhísí. Is léir freisin gur ón mbonn nua seo a d'fhás Páirtí na nOibrithe, páirtí a chuireann béim níos láidre ar an sóisialachas ná mar a chuir Páirtí an Lucht Oibre riamh.

Níl dóthain spáis anseo chun cur síos a dhéanamh ar laigí stairiúla Pháirtí an Lucht Oibre agus teacht chun cinn Pháirtí na nOibrithe. Obair i gcomhair lá éigin eile é sin. Ach tá sé soiléir go bhfuil Páirtí na nOibrithe i bhfad chun tosaigh ar Pháirtí an Lucht Oibre anois i gcathair Bhaile Átha Cliath agus go dtugann sé seo bonn láidir dóibh le ceannaireacht na heite clé in Éirinn a thógáil orthu féin amach anseo. Is cinnte go dtarraingeoidh an dúshlán seo Páirtí an Lucht Oibre níos faide i dtreo na heite clé, díreach mar a tharraing an Páirtí Daonlathach Fianna Fáil i dtreo na heite deise. Gan amhras, is próiseas mall a bheidh ann, ach, i láthair na huaire, is féidir a bheith níos dóchasaí ná mar a bhíothas le fada gur féidir, ar deireadh thiar, an pholaitíocht in Éirinn a scaoileadh ó shlabhra an iar-choilíneachais.